# An Garda Síochána

**LEABHRÁN EOLAIS D'IARRTHÓIRÍ**

LÉIGH GO CÚRAMACH ROIMH IARRATAS A DHÉANAMH

Comórtas Oscailte le haghaidh Ceapacháin mar

**Ceannasaí Digiteach agus TFC**

**(Leibhéal Stiúrthóra)**

**in**

**An Garda Síochána**

**HRD_37D-414990/21**

**Spriocdháta: Dé hAoine 20, Bealtaine 2021**

Tá An Garda Síochána tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Beidh an comórtas seo a reáchtáil de réir an Chóid Cleachtais atá ullmhaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) – atá ar fáil ag www.cpsa.ie

SONRAÍ TEAGMHÁLA: Stiúrthóireacht AD an Garda Síochána, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Teileafón: 046 903 6376/7/5 or HRPD.StaffCompetitions@garda.ie

THE DIFFERENCE IS YOU

## Clár na nÁbhar

**RANNÓG 1:Forléargas ar an nGarda Síochána**

**RANNÓG 2: Sonraíocht Poist........................................................................................... 4**

**RANNÓG 3: Sonraíocht an Duine ..................................................................................... 6**

**RANNÓG 4: Cáilitheacht chun Iarratas a Dhéanamh ........................................................ 9**

**RANNÓG 5: Príomhchoinníollacha Seirbhíse ................................................................. 11**

**RANNÓG 6: An Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin ..................................................... 18**

**RANNÓG 7: Eolas Tábhachtach d'Iarrthóirí.................................................................... 20**

## RANNÓG 1: Forléargas ar an nGarda Síochána

Is é An Garda Síochána seirbhís náisiúnta phóilíneachta agus slándála na hÉireann agus tá thart ar 14,500 Comhalta ar Gardaí iad, 3,400 Comhalta Foirne de chuid an Gharda Síochána agus 500 Comhalta Chúltaca an Gharda Síochána páirteach sa tseirbhís. Is é 'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte' misean an Gharda Síochána. Tá roinnt gnéithe uathúla ag baint leis an nGarda Síochána i gcomparáid le seirbhísí póilíneachta idirnáisiúnta, de bhrí gurb é an comhlacht aonadach atá freagrach as slándáil an Stáit, agus seirbhísí póilíneachta a sholáthar. Tá an dá fheidhm nasctha ag fealsúnacht choiteann: cosaint an duine aonair agus sábháilteacht pobal. Tá An Garda Síochána ag obair sa phobal agus páirteach sa phobal, agus tá póilíneacht phobail ag croílár agus tá ról lárnach aici san obair atá á déanamh ag an eagraíocht.

Ionas go bhfuil ar chumas an Gharda Síochána seirbhísí atá níos freagrúla, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sholáthar, tá athruithe bunúsacha á gcur i bhfeidhm ar struchtúr na heagraíochta i láthair na huaire. Trí Shamhail Oibriúcháin Eagraíochta nua a chur chun feidhme, athróidh An Garda Síochána ó úsáid a bhaint as samhail gheografach go dtí samhail fheidhmiúil de sholáthar seirbhísí póilíneachta, agus eagrófar acmhainní an Gharda Síochána bunaithe ar na seirbhísí atá á soláthar. Chomh maith leis sin, cuirfear athstruchtúrú suntasach i gcrích ar rannóga ceanncheathrúna agus ar aonaid náisiúnta. Ceadóidh an t-athstruchtúrú seo soláthar seirbhíse oibre feabhsaithe agus níos éifeachtúla agus breis acmhainní chun tacaíocht a chur ar fáil do phobail agus d'íospartaigh na coireachta.

Cheadaigh an Rialtas fís fhoriomlán d'fhoireann oibre an Gharda Síochána in 2016 d'fhonn a chinntiú go mbeadh 15,000 Comhalta ar Gardaí iad, 4,000 Comhalta Foirne de chuid an Gharda Síochána agus 2,000 Comhalta Cúltaca an Gharda Síochána ag obair don eagraíocht faoin mbliain 2021. Mar aon le hinfheistiú ina comhaltaí foirne, infheisteoidh an eagraíocht i mbonneagar agus trealamh TFC.

Cruthaíonn éilimh agus ionchais athraitheacha na saoránach, na dúshláin slándála agus phóilíneachta atá ag teacht chun cinn agus an clár athchóirithe ghinearálta mar aon le bunú teicneolaíocht agus córas nua, éileamh práinneach ar fheabhsú leantach straitéisí agus beartas. Ní mór go gcinnteodh na feabhsuithe seo go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an saineolas ag pobal an Gharda Síochána, Comhaltaí ar Gardaí iad (oifigigh phóilíneachta), Comhaltaí Foirne de chuid an Gharda Síochána nó Comhaltaí Chúltaca an Gharda Síochána, chun na hacmhainní a sholáthar a theastaíonn ón eagraíocht chun freagairt d'éilimh shíorathraitheacha na póilíneachta.

Is eagraíocht dhinimiciúil é An Garda Síochána, eagraíocht ina dtugtar deis don phearsanra ar fad taitneamh a bhaint as gairm thairbheach agus fhiúntach fad is atá seirbhís á soláthar do phobal agus do mhuintir na hÉireann.

### *Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí*

I mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh an Rialtas *Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí* – Plean 4 bliana (2019-2022) a bhfuil sé mar aidhm leis *Tuarascáil an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn* (CoFPI) a chur chun feidhme.

Déantar cur síos i dTuarascáil CoFPI ar na tiománaithe athraithe agus cuirtear i láthair fís shoiléir maidir le todhchaí an Gharda Síochána. Bhí an comhairliúchán a rinne an Coimisiún mar bhonn le 10 bpríomhphrionsabal a bheith á bhforbairt do thodhchaí na póilíneachta in Éirinn, agus tacar cuimsitheach moltaí a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil ní hamháin le dúshláin atá ann faoi láthair, ach le dúshláin a bheidh le sárú amach anseo freisin.


# Ceannasaí Digiteach agus TFC

## RANNÓG 2: Sonraíochtaí Poist

**Forléargas**

Sonraítear i Straitéis Dhigiteach an Gharda Síochána 2019 – 2023 fís spreagúil d'fhonn a chinntiú go mbeidh an eagraíocht ag feidhmiú mar cheannaire de phóilíneacht atá arna cumasú ag acmhainní digiteacha agus é mar mhisean an teicneolaíocht a theastaíonn chun daoine a choinneáil sábháilte a chur ar fáil don fhoireann phóilíneachta agus tacaíochta túslíne. Tá sé mar aidhm leis an straitéis cabhrú le moltaí an Choimisiúin ar Thodhchaí na Póilíneachta in Éirinn agus Plean Feidhmithe Roinn an Taoisigh 'Seirbhís Phóilíneachta don Todhchaí'.

Sonraítear i Straitéis Dhigiteach an Gharda Síochána an plean atá ann punann córas a sholáthar a theastaíonn chun Póilíneacht Dhigiteach a chumasú. Is iad na feidhmchláir phóilíneachta agus na gléasanna túslíne seo na gnéithe is sofheicthe d'fhís agus de mhisean atá á fhorbairt maidir le conas a úsáidfidh An Garda Síochána sonraí agus teicneolaíocht chun a chuspóirí a chomhlíonadh. Ar mhaithe leis an bhfís agus straitéis níos ginearálta seo a fhorbairt agus a sholáthar, tá TFC atheagraithe bunaithe ar na línte feidhmiúla thíos, a bhfuil Príomhoifigeach ag leibhéal bainisteora freagrach as ceann gach acu. Tá 300+ comhalta foirne ag obair ar TFC agus tá pleananna ann an réimse seo a fhorbairt, agus tá buiséad bliantúil sa bhreis ar €100m ar fáil chuige seo.




**Cur Síos ar an Ról**

Is post nua ag leibhéal bainistíochta sinsearaí, leibhéal Stiúrthóra, é an post mar Cheannasaí Digiteach agus TFC in An Garda Síochána. Beidh an té a cheapfar ag tuairisciú don Phríomhoifigeach Faisnéise, agus beidh sé/sí freagrach as an bpunann Dhigiteach agus TFC.

Tá iarracht á déanamh ag An Garda Síochána a chinntiú go mbeidh seirbhís phóilíneachta atá bunaithe ar fhaisnéis agus acmhainní digiteacha á soláthar aige. Braitheann An Garda Síochána go mór ar shonraí agus ar theicneolaíocht le haghaidh oibríochtaí reatha agus chun cuspóirí don todhchaí a sholáthar. Tá straitéis dhigiteach uaillmhianach forbartha a éileoidh córais phóilíneachta túslíne shuntasacha a sholáthar a mbeidh bonneagar, oibríochtaí agus ailtireacht éifeachtach ag tacú léi. Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe ag an Eagraíocht a córais chorparáideacha a nuachóiriú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as seirbhísí atá á mbainistiú ag an Rialtas agus ag eagraíochtaí tráchtála. Tá na córais faisnéise seo á soláthar i gcomhthéacs níos leithne straitéis sonraí agus teicneolaíochta a chuimsítear inti úsáid a bhaint as sonraí chun críocha oibríochtúla agus anailísíocht sonraí chun tacú le himscrúduithe agus léargas a sholáthar le haghaidh cinntí bainistíochta.

Tá An Garda Síochána tiomanta do thacú le cur chun feidhme Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí, agus is iad na snáitheanna is ábhartha den straitéis sin *Digital First*, Tógáil le Roinnt agus Sonraí mar Chumasóir. Mar Cheannasaí Digiteach agus TFC de ghníomhaireacht mhór Rialtais, beidh deis ag an té a cheapfar tionchar suntasach a imirt agus cabhrú le forbairt straitéis náisiúnta sonraí agus teicneolaíochta.

Tá obair TFC á díriú an athuair ar chórais túslíne agus chorparáideacha, forbairt bonneagair agus oibríochtaí a sholáthar agus feidhm ailtireachta teicniúla intí a athchruthú. Táthar ag tacú leis seo trí fheidhm innealtóireachta sonraí ar leithligh a chruthú, agus freagracht as tuairisciú do Sheirbhís Anailíse an Gharda Síochána a aistriú agus Príomhoifig Faisnéise Gnó a bhunú a bheidh dírithe ar bhainistíocht díoltóirí, bainistíocht clár agus bainistíocht buiséad. Cuirfidh sé seo ar chumas na feidhme TFC díriú ar sholáthar agus gastacht na gcóras a fheabhsú (an cumas déileáil le hathrú amach anseo).

Tá An Garda Síochána ag súil go mbeidh úsáid á baint as samhail tógála seachas samhail cheannaigh/chomhroinnte amach anseo. Beidh saineolas ar chóras póilíneachta dílsithe i measc chomhaltaí foirne an Gharda Síochána ach glacfaidh An Garda Síochána le seirbhísí comhroinnte Rialtais nó le táirgí tráchtála le haghaidh córas corparáideach nuair is féidir. Déanfaidh An Garda Síochána iarracht comhoibriú agus comhroinnt eolais maidir le córais phóilíneachta agus dlí agus cirt le gníomhaireachtaí ábhartha eile a mhéadú.

**Freagrachtaí**

Cuimsítear i measc phríomhfhreagrachtaí an róil: -

- Forbairt agus soláthar Straitéis Dhigiteach an Gharda Síochána a stiúradh;
- A chinntiú go bhfuil cothromaíocht idir luach gnó na gcóras TFC túslíne agus gastacht na gcóras agus an bhonneagair bhunúsaigh a fheabhsú;
- Foireann de sheachtar bainisteoirí, leibhéal sinsearach, (Príomhoifigeach) agus 300+ gairmí teicneolaíochta a stiúradh;
- Ionchur suntasach a dhéanamh i bhfís agus i straitéis fhoriomlán sonraí agus teicneolaíochta an Gharda Síochána;
- Eastát teicneolaíochta an Gharda Síochána a bhainistiú, ceann de na heastáit teicneolaíochta is mó in Earnáil Phoiblí na hÉireann;
- Buiséid TFC an Gharda Síochana a bhainistiú (€100M+ go bliantúil);
- Forbairt na heagraíochta agus pleanáil lucht oibre TFC a stiúradh;
- Treochlár tosaíochta a fhorbairt trí chomhaontú le Bord Tosaíochta TFC an Gharda Síochána;
- Treochlár agus oibriú punann mhór de sheirbhísí agus gléasanna digiteacha mar aon le córais chorparáideacha a sholáthar;
- Slándáil chórais an Gharda Síochána a chinntiú;
- Caidreamh sinsearach agus géarú le díoltóirí a bhainistiú;
- Táirgí insoláthartha teicneolaíochta a ailíniú le riachtanais phóilíneachta agus chorparáideacha, lena n-áirítear dlúthchaidreamh a bhunú agus a chothabháil le grúpa mór agus ilghnéitheach páirtithe leasmhara;
- Treoir a thabhairt maidir le cinntí tógála seachas ceannaigh agus cinneadh a dhéanamh maidir le hardáin agus táirgí teicneolaíochta;
- Caidreamh a bhunú le agus tionchar a imirt ar phobal sinsearach teicneolaíochta agus sonraí an Rialtais agus na hEarnála Poiblí trí chéile.

## RANNÓG 3: Sonraíocht an Duine

**Bunriachtanais**

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

- Taithí 5 bliana ar a laghad, ag leibhéal sinsearach, i bpost TFC / Bainistíocht Faisnéise, lena n-áirítear bainisteoirí de chuid bainisteoirí a stiúradh, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sinsearacha a stiúradh agus acmhainní a bhainistiú ag leibhéal bainistíochta sinsearaí (freagrach as grúpa nó tionscadal a raibh 50 gairmí teicneolaíochta páirteach ann uair amháin ar a laghad);

- Freagracht dhíreach as roinnt córas mórscála TFC a sholáthar – 10,000 úsáideoir ar a laghad ag gach córas nó buiséad de €5M+;
- Taithí dhíreach ar chuntasacht as córais chriticiúla misin – 24x7, ardráta athraithe agus riachtanach le haghaidh oibríochtaí fíor-ama;
- Saineolas ar struchtúir rialachais a theastaíonn chun punann mhór tionscadal teicneolaíochta a bhainistiú;
- Taithí ar chur chuige forbartha Waterfall, Agile agus DevOps agus ar na hamanna ar gá iad a chur i bhfeidhm;
- Taithí ar chinntí maidir le teicneolaíocht mhór agus ardán óstála a dhéanamh – cosúil le glacadh le néalteicneolaíocht.
- Fianaise ar chumas gréasáin éilitheacha, chasta gnó páirtithe leasmhara a bhainistiú agus dul i bhfeidhm orthu;
- Taithí ar dhíoltóirí a bhainistiú, taithí a fuarthas ó bheith ag obair le díoltóirí teicneolaíochta éagsúla;
- Taithí ar anailís agus ar phleanáil straitéiseach, teicneolaíochtaí nua agus cláir/tionscadail shuntasacha athraithe a stiúradh;
- Taithí ar dhearadh próisis agus buiséad airgeadais mhórscála (€10M+ sa bhliain) a bhainistiú;
- Taithí shuntasach ar straitéisí teicneolaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i dtimpeallacht mhéithshonraí.

**<u>AGUS</u>**

Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar freisin, ar nó roimh an spriocdháta:

- Cáilíocht ag leibhéal 8, ar a laghad, ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (leibhéal Céim Onóracha Baitsiléara) in Eolaíocht Ríomhaireachta, Innealtóireacht nó disciplín gaolmhar le gné shuntasach uimhriúil agus ríomhaireachta.

Beidh an t-iarrthóir a cheapfar mar Cheannasaí Digiteach agus TFC in An Garda Síochána ionraic agus beidh meas aige/aici ar luachanna eiticiúla, beidh sé/sí díograiseach, tiomanta agus fuinniúil. Saineoidh agus neartóidh an té a cheapfar caighdeáin phóilíneachta, agus léireoidh sé/sí iad seo go pearsanta agus trí chultúr d’iompar eiticiúil agus freagracht phearsanta a chothú ina réimsí freagrachta.

**Riachtanais Inmhianaithe**

Lena chois sin, ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

- Taithí ar a bheith ag obair in eagraíocht a mbraitheann rath na heagraíochta sin ar fhoireann oibre digití a chumasú;
- An cumas cothromaíocht a chinntiú idir torthaí gnó rathúla agus lúfaireacht córais;
- Eolas maith ar Shlándáil TF;
- Taithí ghinearálta theicniúil ar réimsí éagsúla bogearraí, crua-earraí agus teicneolaíochtaí comhtháthaithe;
- Tuiscint mhaith ar threochtaí sa tionscal agus ar theicneolaíochtaí nua;
- Taithí chruthaithe ar dhearadh agus ar sholáthar sheirbhísí agus réitigh TFC a stiúradh lena n-áirítear bainistíocht tionscadail agus bainistíocht straitéiseach etc. lena n-áirítear taithí ábhartha ar fhorbairt beartais;
- Scileanna láidre comhoibríocha ceannaireachta agus tionchair;
- Tiomantas cruthaithe do bhainistíocht feidhmíochta, bainistíocht scileanna agus comhoibriú;
- Scileanna láidre seirbhísí do chustaiméirí, tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le córais, próisis agus struchtúir chun soláthar éifeachtúil eagraíocht éifeachtach a chumasú;
- Taithí ar straitéis leanúnachais ghnó a dhearadh agus a chur chun feidhme.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtugann cead páirt a ghlacadh sa chomórtas le fios go bhfuil na critéir cháilitheachta á gcomhlíonadh. Dá réir sin, ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheachta a bhaineann leis an gcomórtas seo.

***Ní mór go mbeadh iarrthóirí in ann fianaise a sholáthar freisin ar na príomhinniúlachtaí a theastaíonn le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo atá sonraithe thall.***

## ***Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ag Leibhéal Príomhoifigigh (Ard) - Stiúrthóir***

**Ceannaireacht & Treo Straitéiseach**

- Treoraíonn sé/sí an fhoireann, sonraíonn sé/sí caighdeáin arda, téann sé/í i ngleic le haon fadhbanna feidhmíochta & éascaíonn sé/sí ardfheidhmíocht;
- Éascaíonn sé/sí malartú tuairimí agus cothaíonn sé/sí atmaisféar ina bhfáiltítear roimh chumarsáid oscailte;
- Cabhraíonn sé/sí le forbairt straitéis agus bheartas Roinne/Rialtais;
- Forbraíonn sé/sí acmhainn agus cumas i measc na foirne trí tharmligean éifeachtach;
- Forbraíonn sé/sí cultúr d'fhoghlaim & d'fhorbairt, agus tairgeann sé/sí cóitseáil agus aiseolas cuiditheach/tacúil;
- Treoraíonn sé/sí ullmhú le haghaidh agus cur chun feidhme athrú agus athchóiriú suntasach;
- Bíonn sé/sí ag súil le agus freagraíonn sé/sí go tapa d'fhorbairtí san earnáil/sa timpeallacht ghinearálta;
- Oibríonn sé i gcomhpháirt ar bhonn gníomhach le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile.

**Breithiúnas & Cinnteoireacht**

- Sainaithníonn agus díríonn sé/sí ar phríomhcheisteanna nuair a bhítear ag déileáil le faisnéis/cásanna casta;
- Bailíonn sé/sí fíricí, úsáideann sé/sí faisnéis bhéil agus uimhriúil agus déanann sé/sí a mhachnamh ar fhadhbanna go loighciúil;
- Bíonn sé/sí airdeallach ar an gcaidreamh idir fadhbanna agus tuigeann sé/sí impleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla go tapa;
- Sainaithníonn sé/sí réitigh chomhleanúnacha ar cheisteanna casta;
- Déanann sé/sí gníomh, déantar cinntí go tráthúil agus bíonn sé de mhisneach aige/aici cloí leo;
- Déanann sé/sí cinntí stuama agus eolasacha, agus tuigeann sé/sí an tionchar agus na himpleachtaí atá ag a leithéid sin de chinntí;
- Déanann sé/sí iarracht cothromaíocht a chinntiú idir ceisteanna earnálacha, gnéithe polaitiúla agus an tionchar a bheidh ag gach cinneadh ar shaoránaigh.

**Bainistíocht & Soláthar Torthaí**

- Tionscnaíonn sé/sí agus glacann sé/sí le freagracht phearsanta as torthaí/seirbhísí a sholáthar ina réimse féin;
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil cothromaíocht idir straitéis agus sonraí oibríochtúla chun freastal ar riachtanais ghnó;
- Bainistíonn sé/sí cláir oibre agus cúraimí éagsúla agus athleithdháileann sé acmhainní chun athruithe a bhainistiú;
- Baineann sé/sí lántairbhe as acmhainní agus cuireann sé/sí bearta feidhmíochta i gcrích chun cuspóirí a chomhlíonadh;
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil lántairbhe á baint as TFC agus samhlacha soláthair nua;
- Déanann sé/sí athbhreithniú criticiúil ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a n-éifeachtacht a chinntiú agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceanglais Oibríochtúla á gcomhlíonadh;
- Leagann sé/sí béim ar an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, luach ar airgead agus ceanglais a bhaineann le rialachas corparáideach a chomhlíonadh;
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil an fhoireann dírithe ar agus go ngníomhaíonn gach duine de réir thosaíochtaí an phlean Gnó, fiú amháin nuair a bhíonn sé/sí faoi bhrú.

**Caidreamh a Fhorbairt & Cumarsáid**

- Labhraíonn agus scríobhann sé/sí go soiléir, go sothuigthe agus ar bhealach a théann i bhfeidhm ar dhaoine;
- Éisteann sé/sí go gníomhach, agus déanann sé/sí iarracht dearcadh agus tuairim daoine eile a thuiscint;
- Bainistíonn agus réitíonn sé/sí coinbhleachtaí/easaontais ar bhealach dearfach & cuiditheach;
- Oibríonn sé/sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, aithníonn agus bainistíonn sé/sí teannas a eascraíonn as tuairimí páirtithe leasmhara difriúla;
- Téann sé/sí i bhfeidhm ar dhaoine eile; leagtar béim ar chomhaontú, comhoibrítear le daoine eile chun faisnéis a aimsiú agus cuspóirí a chomhlíonadh;
- Oibríonn sé/sí ar bhonn réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíocht agus i Ranna/Eagraíochtaí eile agus bunaítear gréasáin ghairmiúla láidre;
- Déanann sé/sí tuairimí nuair a mheasann sé/sí gur cuí.

**Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí scileanna agus saineolas i roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse féin agus a bhfuil aitheantas á thabhairt dóibh ag daoine atá ag obair laistigh agus lasmuigh den Roinn/Eagraíocht;

| |
|---|
| • Bíonn an t-eolas is déanaí aige/aici maidir le beartais roinne, earnálacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus treochtaí geilleagracha, polaitiúla agus sóisialta a bhfuil tionchar acu ar an ról;<br>• Leagtar béim shuntasach ar fhéinfhorbairt, lorgaítear aiseolas agus deiseanna forbartha. |
| **Treallús & Tiomantas i ndáil le Luachanna Seirbhíse Poiblí** |
| • Déantar iarracht i gcónaí obair a chur i gcrích ag leibhéal ard;<br>• Léiríonn sé/sí go bhfuil sé/sí tiomanta don ról, go bhfuil sé/sí diongbháilte agus seasmhach i ndáil le cothromaíocht agus dearcadh i ndáil le ceisteanna oibre;<br>• Cuireann sé/sí ar bhealach dearfach leis an gclár oibre corparáideach;<br>• Is duine iontaofa, ionraic agus measúil é/í, déanann sé/sí an méid a chuireann sé/sí roimhe/roimpi agus comhlíonann sé/sí na gealltanais a thugann sé/sí;<br>• Cinntíonn sé/sí go bhfuil an saoránach ag croílár na seirbhísí ar fad a chuirtear ar fáil;<br>• Tá sé/sí acmhainneach, agus éiríonn leis/léi a c(h)uid oibre a chur i gcrích i gcoinníollacha dochracha nó dúshlánacha;<br>• Tacaíonn sé/sí le cultúr a chothaíonn na caighdeáin eitice agus sláine is airde. |

## RANNÓG 4: Cáilitheacht chun páirt a ghlacadh sa Chomórtas

**<u>Cáilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar cháilitheacht</u>**

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór go mbeadh iarrthóirí cáilithe in ann fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

(a) Is saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) é/í. Páirteach in LEE tá Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) Is saoránach den Ríocht Aontaithe é/í; nó
(c) Is saoránach den Eilvéis é/nó de bhua an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) Is éard atá i gceist le saoránach neamh-LEE céile nó leanbh shaoránach LEE nó na Ríochta Aontaithe nó na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
(e) Duine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoi Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó
(f) Saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é/í ar saoránach é/í, agus a bhfuil cónaí air/uirthi, i mballstát LEE nó an Ríocht Aontaithe nó an Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**D'fhonn cáiliú ní mór go mbeadh iarrthóirí cáilithe faoin dáta a ndéantar aon tairiscint poist.**

**<u>Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Státseirbhísigh</u>**

Bunaíodh le litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dar dáta an 28 Meitheamh 2012, chuig Oifigigh Pearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann is ea nach mbeidh daoine atá ag baint tairbhe as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tSeirbhís Phoiblí in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (arna sainiú in Na hAchtanna um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) le haghaidh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Daoine a bhain tairbhe as an scéim seo agus a bhféadfadh rath a bheith orthu sa

chomórtas seo, beidh orthu fianaise maidir lena gcáilitheacht a sholáthar (dul in éag na tréimhse cháilitheachta).

**Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER)**

Is coinníoll den Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach bhfuil daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, cáilithe chun a iarratas a dhéanamh ar phost eile sa réimse fostaíochta céanna nó san earnáil chéanna. Dá réir sin, ní féidir lena leithéid sin de dhaoine atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost.

**Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Tugadh isteach i gCiorclán 7/2010 na Roinne Sláinte, dar dáta an 1 Samhain 2010, Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll a bhaineann leis an scéim VER is ea nach mbeidh daoine atá ag baint tairbhe as an scéim cáilithe le haghaidh athfhostaíochta in earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí trí chéile nó i gcomhlacht atá á mhaoiniú go hiomlán nó go príomha ó airgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna ar athfhostaíocht i bhfeidhm faoi VRS, ach amháin gur tréimhse 7 mbliana atá luaite leis an toirmeasc sin. Níl daoine a bhain tairbhe as scéim VER cáilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Daoine a bhain tairbhe as scéim VRS agus a bhféadfadh rath a bheith orthu sa chomórtas seo, beidh orthu fianaise maidir lena gcáilitheacht a sholáthar (dul in éag na tréimhse cháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013)**

Bhunaigh Litir Chiorcláin LG(P) 06/2013) na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí, dar dáta an 28 Meitheamh 2012, mar atá mionsonraithe thuas, is coinníoll sonrach den Scéim VER sin nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh athfhostaíochta in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [arna sainiú in Na hAchtanna um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011, agus An tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, le haghaidh tréimhse 2 bhliain ón dáta fágála faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

**Dearbhú**

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé acu ar bhain nó nár bhain siad tairbhe as scéim Seirbhísí Poiblí dreasachta luathscoir roimhe seo. Chomh maith leis sin, ceanglófar ar iarratasóirí aon teidlíochtaí le haghaidh sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó á choinneáil) ó aon fhostaíocht eile Seirbhíse Poiblí agus/nó sa chás go bhfuil íocaíocht in ionad seirbhíse in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí faighte acu, a dhearbhú.

## RANNÓG 5: Príomhchoinníollacha Seirbhíse

**Ginearálta**

Is post buan sa Státseirbhís é an ceapachán agus tá sé faoi réir Achtanna Rialuithe na Stát-Seirbhíse 1956 - 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus aon Acht eile atá i bhfeidhm i láthair na huaire a bhaineann leis an Státseirbhís.

**Scála Tuarastail**

Is ag Leibhéal Stiúrthóra atá an post seo á thairiscint [Príomhoifigeach (Ard) .

Seo a leanas an luach saothair iomlán atá luaite le post an Stiúrthóra ón 1 Feabhra, 2022

€98,593, €102,652, € 106,732 , €110,802, €114,272, (LSI 1) 117,928 *, (LSI 2)** €121,586

Ina theannta sin, tá liúntas bliantúil Stiúrthóra de €13,272.

*B'fhéidir go mbeadh incrimint Fadseirbhíse (LSI 1) iníoctha i ndiaidh 3 bliana de sheirbhís shásúil ag leibhéal uasta an scála.
**B'fhéidir go mbeadh incrimint Fadseirbhíse (LSI 2) iníoctha i ndiaidh 6 bliana de sheirbhís shásúil ag leibhéal uasta an scála.
Ráta Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (PPC) le héifeacht ón 01 Iúil 2021:

Tá an ráta seo i bhfeidhm sa chás gur ceapadh an státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha ar nó i ndiaidh an 6 Aibreán 1995 agus go gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh ráta difriúil i bhfeidhm sa chás gur státseirbhís nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus **nach gceanglaítear air/uirthi** Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh an ráta iontrála ag íosphointe an scála agus nach mbeidh sé faoi réir idirbheartaíochta agus go bhféadfaí an ráta luacha saothair a choigeartú ó am go ham de réir pholasaí pá an Rialtais. Bronnfar incrimintí go bliantúil faoi réir feidhmíocht shásúil.

**Nóta Tábhachtach**

B'fhéidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí é an ceapaí cheana féin.

Déanfar íocaíocht gach coicís i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) i gcuntas bainc de rogha an oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go mbíonn uimhir chuntais bainc agus cód sórtála bainc curtha ar fáil don Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Tráth déanta an cheapacháin, comhaontóidh tú go ndéanfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó costas a aisíoc de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Tuarastail, Liúntas agus Ró-íocaíochtaí Costas déanta le Baill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

**Suíomh**

Beidh an post a líonfar mar thoradh ar an gcomórtas seo lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

**Tionacht agus Promhadh**

Is post buan é an ceapachán ar conradh promhaidh sa Státseirbhís.

Is tréimhse bliana, ón dáta atá sonraithe sa chonradh seo, a bheidh i gceist leis an gconradh promhaidh. D'ainneoin an ailt seo agus an ailt anseo thíos, ní chuirfidh sé seo cosc ar shíneadh a chur leis an gconradh promhaidh in imthosca cuí.

I rith thréimhse do chonartha phromhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithnithe a bheidh á dhéanamh ag do mhaoirseoir(í) chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) Tá do dualgas curtha i gcrích go sásúil agat,
(ii) Bhí d'iompar ginearálta sásúil, agus
(iii) Tá tú oiriúnach ó thaobh cúrsaí sláinte de ag féachaint go háirithe do shaoire bhreoiteachta.

Sular gcuirfear an conradh promhaidh i gcrích, déanfar cinneadh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil tú le coimeád de bhun Alt 5A(2) d'Achtanna Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956 – 2005. Bunófar an cinneadh seo ar d'fheidhmíocht i gcomparáid leis na critéir atá sonraithe idir (i) - (iii) thuas. Míneofar mionsonraí an phróisis promhaidh duit agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le promhadh duit.

D'ainneoin na n-alt roimhe seo sa rannóg seo, d'fhéadfaí an conradh promhaidh a fhoirceannadh am ar bith roimh dhul in éag thréimhse an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 - 2005.

In imthosca áirithe, d'fhéadfaí síneadh a chur le do chonradh agus d'fhéadfaí do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí comhaontú maidir leis an síneadh.

- Glactar leis go bhfuil an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair atá fostaí as láthair mar thoradh ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála
- Maidir le fostaí atá as láthair mar thoradh ar Shaoire Thuismitheoireachta nó Saoire Cúramóra, d'fhéadfadh an fostaí a éileamh go gcuirfí an promhadh ar fionraí má ghlactar leis nach bhfuil an tréimhse as láthair comhsheasmhach le leanúint leis an bpromhadh
- D'fhéadfaí promhadh a chur ar fionraí i gcásanna a bhaineann le tréimhsí as láthair den chineál sin mar gheall ar thinneas neamh-athfhillteach

Féadfaidh an fostaí, in imthosca mar seo, iarratas a chur faoi bhráid an fhostóra chun síneadh a chur le tréimhse an chonartha.
Cuirfidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh bliana i gcrích. Más rud é go raibh ceapaí a dteipeann air/uirthi na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh ag feidhmiú mar státseirbhíseach díreach roimh a c(h)eapachán mar thoradh ar an gcomórtas seo, is gnách go mbeidh ceist na frithdhílse le plé. Sa chás go mbíonn frithdhílse i gceist, fillfidh an t-oifigeach ar fholúntas ag an grád céanna a bhí aige/aici sa Roinn ina raibh sé/sí ag obair roimhe seo.

**Uaireanta tinrimh**

Socrófar na huaireanta tinrimh ó am go ham ach ar an meán ní bheidh níos lú ná 43 uair 15 nóiméad comhlán sa tseachtain, sosanna lóin san áireamh, nó 37 uair glan sa tseachtain i gceist.

Beifear ag súil go n-oibreoidh an t-iarrthóir rathúil uaireanta breise dá leithéid ó am go ham de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach d'fheidhmiú cuí a d(h)ualgas faoi réir na dteorainneacha atá sonraithe sna rialacháin ama oibre.

**Saoire Bhliantúil**

30 lá oibre sa bhliain a bheidh i gceist le do liúntas saoire bhliantúil. Tá an liúntas seo, atá faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil, bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear ann na gnáthlaethanta saoire poiblí.

**Saoire Bhreoiteachta**

Beidh pá i rith saoire bhreoiteachta le teastas ceart, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann maidir le míchumas buan don tseirbhís, i bhfeidhm ar bhonn pro-rata, de réir fhorálacha na gciorclán maidir le saoire bhreoiteachta.

Ceanglófar ar oifigigh a mbeidh ráta ÁSPC Aicme A á íoc acu sainordú a shíniú a thugann údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn nó Eagraíocht fostaíochta. Beidh íocaíocht i rith breoiteachta faoi réir na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta a bheidh á gcur ag an oifigeach faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Ceanglófar ort sainordú a shíniú a thugann údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochair dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le An Garda Síochána. Beidh íocaíocht tuarastail i rith breoiteachta faoi réir na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta a bheith á gcur faoi bhráid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agat laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

**Aoisliúntas agus Scor**

Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha oiriúnacha aoisliúntais atá i bhfeidhm sa Státseirbhís don iarrthóir rathúil nuair a thairgtear ceapachán dó/di. Go ginearálta, tairgfear ceapachán bunaithe ar bhallraíocht sa Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair") do cheapaí nár oibrigh sa Státseirbhís riamh roimhe sin. Tá na mionsonraí ar fad a bhaineann leis an Scéim le fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie .

Sa chás go raibh post seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí Scéim neamh-Aonair) ag an gceapaí sa 26 seachtain roimh an gceapachán nó go bhfuil sé/sí ag glacadh sos gairme nó saoire speisialta faoi láthair le/gan phá, b'fhéidir go mbeadh téarmaí difriúla i bhfeidhm. Bunófar teidlíocht pinsin a leithéid sin de cheapaithe i gcomhthéacs a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Tá an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha cosúil leis an aois atá luaite le cáilitheacht don Phinsean Stáit, 66 bliain d'aois i láthair na huaire.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na Scéime dul ar scor nuair a bhíonn siad 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasrátú trí thagairt a dhéanamh don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí) (CPI).
- Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI

**Laghdú Pinsin**

- Má bhí an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus má tá pinsean á fháil aige/aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go dtosaítear ag íoc pinsin Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí i rith a (h)athfhostaíochta, beidh an pinsean sin **faoi réir laghdaithe** de réir Alt 52 d'Acht um Pinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Má dhéanann tú iarratas ar an bpost seo admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh na forálacha laghdaithe i bhfeidhm, áit ar cuí. Níltear ag súil go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaíochta le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i ndáil le ceapacháin chuig an bpost seo.**

- Más amhlaidh, áfach, go raibh an ceapaí fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo agus má bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe deonacha luathscoir (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte nó litir Chiorcláin LG(P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, a chiallaíonn go bhfuil duine neamhcháilithe don chomórtas), scoirfear den teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. D'fhéadfaí socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, le haghaidh comhaireamh na seirbhíse roimhe seo atá tugtha ag an gceapaí chun críche aon aoisliúntas a bhronnfar amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith cáilithe lena aghaidh.

- **Ciorclán 102/2007 na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

  Bhunaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, seachas na cásanna a shonraítear in alt 10.2 agus alt 10.3 de na

doiciméid chiorcláin ábhartha, agus i gcás na n-eisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má fhostaítear é/í ina dhiaidh sin in aon phost in aon réimse den earnáil phoiblí, go scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis/léi faoin scéim. Cuirfear tús an athuair, áfach, le híocaíochtaí pinsin nuair a scoirtear d'fhostaíocht dá leithéid nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach nuair a chuirtear tús an athuair le híocaíochtaí, bunófar an pinsean ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a ceadaíodh roimhe seo san áireamh nuair a bheidh an íocaíocht phinsin á áireamh).

- **Scor de dheasca Eas-sláinte**

  Tabhair faoi deara go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo de dheasca eas-sláinte, a dhearbhú don eagraíocht atá i mbun an chomórtais earcaíochta a riar, ag an gcéad chéim den iarratas, go bhfuil a leithéid sin de phinsean á fháil aige/aici.

  Ceanglófar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomhoifigigh Leighis chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas, ag cur an riocht san áireamh, a chiallaigh gur cháiligh siad le haghaidh IHR.

  *Ceapachán i ndiaidh scoir de dheasca Eas-sláinte ó Státseirbhís:*

  Má éiríonn lena n-iarratas ar an gcomórtas, ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir airdeallach ar an méid seo a leanas:

  - Má mheastar go bhfuil duine oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus má shanntar duine chuig post, tagann deireadh lena p(h)insean eas-sláinte státseirbhíse.
  - Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin tréimhse phromhaidh a chur i gcrích nó má chinneann sé/sí a p(h)ost sannta a fhágáil, ní cheadófar filleadh ar stádas IHR státseirbhíse, ná ní chuirfear an pinsean IHR státseirbhíse ar fáil arís, an pinsean a bhí ar fáil roimh iarratas a dhéanamh ná níl aon teidlíocht ag an duine don phinsean sin.
  - Glacfar leis an iarratasóir mar chomhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) tráth an cheapacháin má bhí sos de bhreis is 26 seachtain ag an duine sin ó sheirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

*Ceapachán i ndiaidh scoir de dheasca Eas-sláinte ó sheirbhís phoiblí:*

- Tabhair faoi deara, sa chás go bhfuil duine imithe ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh go mbeadh a p(h)insean eas-sláinte ón bhfostaíocht seo faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha maidir le scor de dheasca eas-sláinte faoin scéim sin.
- Má éiríonn le hiarratasóir, tráth an cheapacháin, ceanglófar ar an iarratasóir a dhearbhú cibé acu atá nó nach bhfuil pinsean seirbhíse poiblí á fháil aige/aici (eas-sláinte nó pinsean eile) agus d'fhéadfadh go mbeadh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdaithe.
- Glacfar leis an iarratasóir mar chomhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) tráth an cheapacháin má bhí sos de bhreis is 26 seachtaine ag duine sin ó sheirbhís phoiblí/státseirbhís inphinsin.

- Tá eolas níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin daoine a bhfuil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí eas-sláinte á fháil acu ar fáil tríd an nasc seo nó ó PAS.

**Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh le haghaidh pinsin sa chás go raibh duine ina c(h)omhalta de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin atá ann cheana (i.e. neamh-Scéim Aonair), mar atá sonraithe in Acht 2012. Tá foráil déanta don teorainn 40 bliain seo in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. B'fhéidir go mbeadh impleachtaí aige seo ar aon cheapaí a shealbhaigh cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe.

**Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise**

Tá an ceapachán seo faoi réir na ranníocaíochta aoisliúntais bhreise de réir Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. Tabhair faoi deara; Déantar asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a cheanglaítear faoi rialacha do scéim pinsin.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

**Rúndacht agus Caighdeáin Iompair: Rúndacht agus Ionracas Oifigiúil**

I rith théarma an chonartha phromhaidh, beidh oifigeach faoi réir Fhorálacha Acht um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe i rith nó i ndiaidh na tréimhse fostaíochta.

**Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse**

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

**Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí**

Sonraítear sa Chód Eitice naoi gcaighdeán iompair agus cleachtais do gach duine in An Garda Síochána, agus tá roinnt tiomantas luaite le gach caighdeán. Ba é an tÚdarás Póilíneachta a d'fhorbair an Cód Eitice, de réir Acht an Gharda Síochána, 2005, arna leasú. Tugtar aird sa Chód ar na Prionsabail Phóilíneachta atá sonraithe san Acht sin.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara, má éiríonn leo sa chomórtas, go gceanglófar orthu dearbhú a shíniú lena léiriú go bhfuil siad tiomanta don Chód Eitice agus dearbhóidh siad go bhfuil Cód Eitice an Gharda Síochána léite acu agus go dtuigeann siad é, agus cloífidh siad leis na caighdeáin atá sonraithe ann.

**Ceadú roimh ré foilseachán**

Comhaontóidh comhalta foirne ceaptha gan aon ábhar a fhoilsiú a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla gan ceadú roimh ré a fháil ón oifigeach údaraithe chuí.

**Gníomhaíocht Pholaitiúil**

I rith an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha a bhfuil seirbhísigh phoiblí agus polaitíocht á rialú acu.
**Tabhair faoi deara:**

Mar Rogha Fostóra, tá go leor beartas solúbtha agus oiriúnach do theaghlaigh bunaithe ag an Státseirbhís lena n-áirítear deiseanna cianoibre. Tabhair faoi deara, b'fhéidir go mbeadh deiseanna oibre solúbtha á lorg ag iarrthóirí a n-éiríonn leo, ach, is faoi lánrogha an fhostóra é seo agus déantar cinneadh bunaithe ar riachtanais ghnó na heagraíochta, ar bhonn an cháis.

| **FÓGRA TÁBHACHTACH** |
|---|
| **Is ionann an méid thuas agus na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach a bheidh ann de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta atá le comhaontú leis an iarrthóir/leis na hiarrthóirí a n-éiríonn leis/léi/leo.** |

## RANNÓG 6: An Próiseas Iarratais agus Roghnúcháin

**APPLICATION PROCESS**

**Conas Iarratas a dhéanamh**

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil ó:
www.garda.ie

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán i bhformáid dhoiciméad **Word** agus a sheoladh trí ríomhphost chuig hrpd.staffcompetitions@garda.ie leis an teideal ábhair seo a leanas: **Ceannasaí Digiteach agus TFC**

**Spriocdháta**

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **17:00 ar an Aoine, 20, Bealtaine 2021**

***Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta.***

Moltar do dhaoine iarratas a dhéanamh roimh an spriocdháta ar fhaitíos go mbíonn deacracht de chineál ar bith acu. Beidh seirbhís tacaíochta ar fáil i rith uaireanta oifige ag an uimhir theileafóin 046 903 6376/7/5 (uimhir ráta áitiúil) nó is féidir ríomhphost a sheoladh chuig HRPD.StaffCompetitions@garda.ie am ar bith roimh an spriocdháta.

**Iarrthóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as Cóiríocht Réasúnach**

Iarrtar ar iarrthóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as cóiríochtaí réasúnacha tuarascáil síceolaí/leighis a chur ar fáil. Is é an cuspóir atá leis an tuarascáil seo feidhmiú mar bhonn chun cinneadh a dhéanamh maidir le cóiríochtaí réasúnacha más cuí. Ba cheart na tuarascálacha seo a sheoladh ar aghaidh chuig Rosslyn May, Uasal, Stiúrthóireacht AD, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Co. na Mí C15 ND62.

# SELECTION PROCESS

**Modhanna an Phróisis Roghnúcháin**

D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na modhanna a úsáidfear chun na hiarrthóirí a n-éiríonn leo don phost seo a roghnú roinnt de na modhanna seo a leanas nó na modhanna seo a leanas ar fad:

- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá le fáil ina n-iarratas;
- Agallamh ar bhonn inniúlachta a d'fhéadfaí a áireamh ann láithreoireacht agus/nó cleachtadh/cleachtaí breise measúnaithe;
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach.

Tairgfear poist in ord na n-iarrthóirí sin atá ainmnithe ag barr an liosta, in ord fiúntais, liosta a cuireadh i dtoll a chéile i ndiaidh na n-agallamh, i.e. tairgfear post do na hiarrthóirí atá ag barr an liosta.

**Neamh-aisíocaíocht costas**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach mbeidh feidhm le forálacha Chiorclán 6/89, Costais Aistrithe, i ndáil le haon tairiscintí ar cheapacháin a eascraíonn as an gcomórtas. Lena chois sin, ní aisíocfar aon chostais tabhaithe ag iarrthóirí le linn dóibh a bheith i mbun aon ghné den phróiseas roghnúcháin nó le linn dóibh freastal ar aon ghné den phróiseas roghnúcháin.

**Cumarsáid**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go seolfar an chumarsáid ar fad a bhaineann leis an gcomórtas seo, lena n-áirítear na torthaí, díreach chuig an seoladh ríomhphoist a cuireadh ar fáil. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go bhfuil seoladh ríomhphoist agus sonraí teagmhála bailí curtha ar fáil ar an bhfoirm iarratais agus ba cheart an seoladh ríomhphoist sin a sheiceáil go rialta.

**Gearrliostú**

De ghnáth, faightear níos mó iarratas ar phost ná mar is gá chun folúntais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a líonadh. Cé go mb'fhéidir go mbeadh riachtanais cháilitheachta don chomórtas á gcomhlíonadh ag iarrthóir, má fhaightear líon iarratas ar an bpost a chiallaíonn nach mbeadh sé praiticiúil gach duine a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh An Garda Síochána a chinneadh nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach do líon níos lú iarrthóirí.

Chuige sin, tá próiseas gearrliostaithe in úsáid ag an Garda Síochána chun grúpa a roghnú, an grúpa daoine is oiriúnaí don phost de réir cosúlachta. Ní thugann sé seo le fios go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó neamhinniúil ar an bpost a dhéanamh, seachas sin ciallaíonn sé go bhfuil roinnt iarrthóirí, bunaithe ar a n-iarratas, atá níos cáilithe agus/nó a bhfuil níos mó taithí ábhartha acu.

D'fhéadfaí critéir bhunriachtanacha agus inmhianaithe atá sonraithe don phost a chur san áireamh sna critéir ghearrliostaithe. Dá réir sin, is ar mhaithe leat féin atá sé cuntas mionsonraithe agus beacht maidir le do cháilíochtaí/taithí a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

**Iarrataí Athsceidealaithe**

Ní bhreithneofar iarrataí athsceidealaithe ach amháin in imthosca eisceachtúla a mheasann An Garda Síochána atá inghlactha (e.g. Méala/Tinneas). Tabhair faoi deara go bhféadfadh An Garda Síochána doiciméid thacaíochta a lorg mar fhianaise.

**Grinnfhiosrúchán & Imréiteach Slándála**

Ceanglófar ort dianphróiseas fiosrúcháin an Gharda Síochána a chur i gcrích má bhreithnítear tú le haghaidh ceapacháin. Is grinnphróiseas atá ann agus b'fhéidir go dtógfadh sé suas le 12 sheachtain é a chur i gcrích. Ní féidir tú a cheapadh gan an próiseas Grinnfhiosrúcháin a chur i gcrích.

## RANNÓG 7: Eolas Tábhachtach d'Iarrthóirí

**Eolas Ginearálta**

Ní bheidh An Garda Síochána freagrach as aon chostais tabhaithe ag iarrthóirí a aisíoc.
Tairgfear poist in ord na n-iarrthóirí sin atá ainmnithe ag barr an liosta, in ord fiúntais, liosta a cuireadh i dtoll a chéile i ndiaidh na n-agallamh, i.e. tairgfear post do na hiarrthóirí atá ag barr an liosta.

Ní féidir glacadh le cead a thabhairt do dhuine páirt a ghlacadh i gcomórtas, nó le cuireadh chun freastal ar agallamh, nó le litir ina sonraítear toradh dearfach, mar fhianaise go bhfuil An Garda Síochána sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Sula moltar aon iarrthóir le haghaidh ceapacháin sa phost seo, déanfaidh An Garda Síochána gach fiosrúchán a mheastar atá riachtanach e.g. sláinte, carachtar, teistiméireachtaí ó fhostóirí, seiceálacha slándála lena n-áirítear grinnfhiosrúchán, nó aon fhiosrúcháin eile a mheastar atá riachtanach chun cinneadh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an iarrthóra sin. Go dtí go mbíonn céimeanna uile an phróisis earcaíochta curtha i gcrích ina n-iomláine, ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thabhairt le fios go bhfuil a leithéid sin de chinneadh déanta.

**Critéir Shonracha Iarrthóra**

Le cois na gcritéar cáilitheachta atá sonraithe a chomhlíonadh, ní mór d'iarrthóirí fianaise ar an méid seo a leanas a sholáthar:

- An t-eolas agus an cumas chun dualgais an phoist lena mbaineann a chomhlíonadh;
- Oiriúnacht bunaithe ar fhorais sláinte agus carachtair;
- Oiriúnacht i ngach comhthéacs eile atá ábhartha i ndáil le ceapachán sa phost i gceist.

Má éiríonn le hiarrthóirí, ní cheapfar iad sa phost mura ndéanann siad an méid seo a leanas:

- Comhaontaíonn siad tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus glacann siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar, nó faoina bhféadfaí na dualgais a chomhlíonadh;
- Tá siad inniúil agus ar fáil, agus tá ar a gcumas na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

**Ceapacháin ó phainéil**

Bunófar painéal óna ndéanfar ceapachán agus óna bhféadfaí folúntais a bheidh ann amach anseo a líonadh. **Ní** chiallaíonn cáiliú do agus ainmniúchán ar phainéal go gceapfar duine i bpost.

Is é an tÚdarás Póilíneachta a cheapfaidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi.

Tabhair faoi deara, nuair a ghlactar le tairiscint ar cheapacháin, bainfear iarrthóir den phainéal agus ní dhéanfar aon tairiscintí eile ar cheapachán. Má bhíonn folúntais den chineál céanna in áiteanna eile sa Státseirbhís, d'fhéadfaí iarrthóirí ón gcomórtas seo a chur san áireamh.

Rachaidh an painéal in éag dhá bhliain i ndiaidh a bhunaithe, mura gcuirtear síneadh leis, nó sa chás go bhfuil tairiscint ar phost faighte ag gach duine atá ainmnithe ar an bpainéal, cibé acu is túisce. Ní bheidh iarrthóirí nach bhfuil ardú céime faighte acu nuair a théann an painéal in éag i dteideal ardú céime a fháil de bhrí go raibh siad ainmnithe ar an bpainéal.

**Tagairtí**

Má bhreithnítear tú le haghaidh poist, ceanglófar ort ainmneacha moltóirí a chur ar fáil. Ní gá d'fhostóir reatha a ainmniú mar mholtóir. Ba cheart go mbeadh eolas réasúnta cothrom le dáta maidir le d'fheidhmíocht agus iompar i gcomhthéacs oibre le fáil sna teistiméireachtaí. Tabhair faoi deara, má éiríonn leat san agallamh agus má bhreithnítear tú le haghaidh poist, beidh teistiméireacht ó d'fhostóir reatha ag teastáil uainn sula gceapfar thú. Ní leor ráiteas fostaíochta agus ní ghlacfar leis mar theistiméireacht fostóra. Ní dhéanfar teagmháil le d'fhostóir reatha ach má thoilíonn tú dá leithéid.

**Ag glacadh leis go bhfuil iarrthóireacht aistarraingthe**

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh nuair a iarrtar san áit a iarrtar, nó nach soláthraíonn, nuair a iarrtar, fianaise maidir le haon ní a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh eile ann maidir le breithniúchán.

**Diúltú do thairiscint ar cheapachán**

Má dhiúltaíonn duine a mholtar lena cheapadh, nó má éiríonn duine as ceapachán, i ndiaidh glacadh leis, féadfaidh AD an Gharda Síochána, dá lánrogha féin, an post a thairiscint don chéad iarrthóir eile ar an bpainéal.

**Rúndacht**

Féadfaidh iarrthóirí glacadh leis go gcaithfear faoi rún daingean le gach fiosrúchán, iarratas agus gné den phróiseas faoi réir fhorálacha Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Asbhaintear míreanna áirithe eolais, nach mbaineann go sonrach le haon duine ar leith, ó na taifid ríomhaireachta, chun críocha ginearálta staitistiúla.

**Úsáid a bhaint as Trealamh Taifeadta**

Ní cheadaíonn An Garda Síochána úsáid neamhcheadaithe a bhaint as aon chineál trealamh taifeadta ar áitreabh dá chuid. Baineann sé seo le haon chineál taifeadadh fuaime agus le haon chineál pictiúir d'ábhar neamhbheo nó fístaifeadadh, cibé acu atá nó nach bhfuil taifeadadh fuaime i gceist, agus clúdaítear aon chineál gléis a úsáid chun na gcríoch seo. Ní mór d'aon duine ar mian leis/léi trealamh den chineál sin a úsáid le haghaidh aon cheann de na críocha seo, cead i scríbhinn a lorg roimh ré. Is ann don bheartas seo chun príobháideachas comhaltaí foirne agus custaiméirí a chosaint mar aon le hiomláine ár n-ábhair mheasúnaithe agus próiseas measúnaithe. Is ionann úsáid neamhcheadaithe a bheith á baint ag aon duine as trealamh taifeadta agus an beartas seo a shárú. D'fhéadfaí aon iarrthóir a bhfuil baint aige/aici le sárú den chineál seo a dhícháiliú ón gcomórtas agus d'fhéadfadh sé/sí a bheith faoi réir ionchúisimh faoi alt 55 d'Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht & Ceapacháin), 2004.

**Cód Cleachtais**

Baineann feidhm le Cód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPost sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí an Choimisiúin an Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) leis an gcomórtas seo agus tá an cód ar fáil ar www.cpsa.ie. Déantar cur síos i gCód Cleachtais CPSA ar na nósanna imeachta is féidir le hiarrthóir a úsáid chun athbhreithniú a lorg maidir le cinneadh a rinneadh i ndáil lena (h)iarratas nó i ndáil le líomhaintí maidir leis an gCód Cleachtais a shárú.

De réir phrionsabail an Chóid Cleachtais thuasluaite, tá An Garda Síochána tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a chur ar fáil d'iarrthóirí. Chuige sin, cuirfear aiseolas i scríbhinn ar fáil d'iarrthóirí. Áireofar ann na marcanna a bronnadh ar an iarrthóir sa chomórtas agus tuairimí chomhaltaí an bhoird agallaimh maidir le feidhmíocht an iarrthóra, de réir mar is cuí.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus Acht um Chosaint Sonraí, 2018**

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta curtha ar fáil ag iarrthóirí ach chun na gcríoch atá sonraithe sa doiciméad seo, agus laistigh de bhonn dlí atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE)2016/679) (AE) agus Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018.

Cuirfear gach beart riachtanach i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis phearsanta ar fad á coinneáil sábháilte agus slán, agus nach bpróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha. Ní choimeádfar

sonraí pearsanta ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche lena bhfuarthas na sonraí a chomhlíonadh.

**Canbhasáil**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil toirmeasc ar na nithe seo a leanas, go díreach nó go hindíreach;

- Canbhasáil i ndáil leis an bpróiseas;
- Pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas;
- Tionchar a imirt ar chinneadh aon duine i ndáil leis an bpróiseas; nó
- Cur isteach ar nó an próiseas a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.

**Sárú an Chóid Cleachtais**

Tá aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Tá duine a fhaightear ciontach i gcion agus dlífear fíneáil/nó príosúnacht air/uirthi.

Ina theannta sin, má chinntear go raibh duine ciontach as cion, nó más iarrthóir i bpróiseas earcaíochta é/í, dícháileofar é/í mar iarrthóir agus eisiafar ón bpróiseas é/í. Sa chás go bhfuil iarrthóir ceaptha i bpost i ndiaidh an phróisis earcaíochta, bainfear é/í ón bpost sin.